Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2021
(OR. en)

13977/21

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2021/0197(COD)
2021/0200(COD)
2021/0201(COD)
2021/0202(COD)
2021/0203(COD)
2021/0205(COD)
2021/0206(COD)
2021/0207(COD)
2021/0210(COD)
2021/0211(COD)
2021/0213(CNS)
2021/0214(COD)
2021/0218(COD)
2021/0223(COD)

CLIMA 388
ENV 893
ENER 504
TRANS 681
AGRI 550
FORETS 72
IND 354
COMPET 832
ECOFIN 1102
MI 850
AVIATION 283
MAR 217

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An pacáiste 'Oiriúnach do 55'<br>– Forléargas ar an dul chun cinn maidir leis an bpacáiste de thograí reachtacha dar teideal 'Oiriúnach do 55' |

## I. RÉAMHRÁ

1. Is é is aidhm don tuarascáil seo staid fhoriomlán na himeartha a léiriú agus forléargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' i dtionól na Comhairle. Chuige sin, dírítear sa tuarascáil ar ghnéithe cothrománacha an phacáiste, amhail na hidirnaisc idir na comhaid, agus na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas sa phlé go dtí seo, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, saincheisteanna i ndáil le leibhéal uaillmhéine agus raon feidhme na dtograí. Déanfar cur síos níos mionsonraithe ar an dul chun cinn maidir le gach comhad i dtuarascálacha ar leithligh ar dhul chun cinn a chuirfear faoi bhráid gach foirmíocht den Chomhairle.

2. Thíolaic an Coimisiún Eorpach an pacáiste ‘Oiriúnach do 55' an 14 Iúil 2021. Is é is aidhm don phacáiste de thograí reachtacha creat beartais an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh a ailíniú le sprioc nua aeráide uile-gheilleagair an Aontais do 2030 maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad agus é a chur ar chosán na haeráidneodrachta, le go mbainfí amach an sprioc atá aige a bheith aeráidneodrach faoi 2050.

3. Is é an bonn tuisceana foluiteach atá leis na tograí ón gCoimisiún go gcaithfear an uaillmhian aeráide a chothú sna comhaid uile chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach, rud a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach agus a leagadh síos ina dhiaidh sin ar bhealach ceangailteach sa Dlí Aeráide Eorpach arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

4. Is é is aidhm do na tograí, in éineacht, cur le cumas an Aontais a spriocanna a bhaint amach ar bhealach cóir, costéifeachtach agus iomaíoch, rannchuidiú le haistriú glas agus cóir agus treisiú le nuálaíocht gheilleagar an Aontais i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Leis an athbhreithniú ar chreat reachtach an Aontais maidir leis an aeráid agus fuinneamh, ba cheart don Aontas a bheith in ann a ghealltanais idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, go háirithe a rannchuidiú nuashonraithe arna chinneadh go náisiúnta i gcomhréir leis an uaillmhian mhéadaithe do 2030. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag na tograí ón gCoimisiún cur le téarnamh iar-COVID-19 gheilleagar na hEorpa agus le hathléimneacht fadtéarmach an Aontais Eorpaigh.

5. Is éard atá sa phacáiste sraith tograí idirnasctha lena leasaítear píosaí reachtaíochta atá ann cheana nó lena mbunaítear tionscnaimh nua thar raon réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha lena n-áirítear an aeráid, fuinneamh, iompar, foirgnimh, úsáid talún agus foraoiseacht. Ina theannta sin, táthar ag súil go gcuirfear roinnt tograí breise i láthair go gairid i ndiaidh eisiúint na tuarascála seo. Na tograí atá beartaithe maidir leis an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus maidir le hAcmhainní Dílse, a thiolacfar an 22 Nollaig 2021, beidh ról nach beag acu san obair bhreise a dhéanfar ar chodanna áirithe den phacáiste (i.e. an Córas Trádála Astaíochtaí, an Ciste Sóisialta Aeráide agus an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha).

6. Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leas a bhaint as meascán beartas a threisíonn a chéile agus atá bunaithe ar na ceithre bhloc tógála thíos:

a) **Praghsáil carbóin:**

i) Uaillmhian Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) a mhéadú.

ii) Praghsáil carbóin a thabhairt isteach i dtaobh allmhairí ó earnálacha áirithe a chumhdaítear le ETS san Aontas Eorpach d'fhonn an riosca maidir le sceitheadh carbóin a laghdú trí bhíthin Shásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) a bhunú.

b) **Spriocanna** níos uaillmhianaí a leagan síos ar **leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta:**

i) Spriocanna náisiúnta laghdaithe astaíochtaí a mhéadú sna hearnálacha sin nach dtagann faoi ETS, trí bhíthin an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill (ESR).

ii) Linnte nádúrtha a mhéadú, lena n-áirítear trí spriocanna náisiúnta a leagan síos d'earnáil na húsáide talún agus na foraoiseachta (Rialachán LULUCF).

iii) Spriocanna foriomlána an Aontais d'fhoinsí in-athnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh a ardú trí bhíthin na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED) agus na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, lena dtacófar go háirithe le hearnálacha faoi ETS agus faoi ESR agus iad i mbun dícharbónaithe.

iv) An cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (ETD) a ailíniú le cuspóirí an Aontais i dtaobh fuinnimh agus aeráide.

c) **Rialacha (caighdeáin):**

i) Spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua agus do veaineanna nua a ardú sa Rialachán maidir le caighdeáin $CO_2$ do ghluaisteáin agus do veaineanna, rud a chuideoidh, inter alia, leis na Ballstáit spriocanna ardaithe ESR a bhaint amach.

ii) Na spriocanna atá beartaithe sa Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Ionadúla (AFIR), le haghaidh cur i bhfeidhm bonneagair (ath)luchtaithe agus (ath)bhreoslaithe atá idir-inoibritheach agus éasca le húsáid, a thacóidh, inter alia, leis na spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí dá dtagraítear thuas a bhaint amach.

iii) Leagtar síos i dtograí ReFuelEU - Eitlíocht agus FuelEU - Muirí oibleagáidí maidir le breoslaí inbhuanaithe sna hearnálacha sin a chomhlánóidh a n-iarrachtaí go háirithe i ndáil le bearta praghsála carbóin (ETS).

d) **Bearta tacaíochta:**

i) Chun na tionchair shóisialta agus dáileacháin atá ag an gcóras trádála astaíochtaí ar leithligh atá beartaithe d'fhoirgnimh agus don iompar de bhóthar, a mhaolú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Ciste Aeráide Sóisialta a bhunú a thiocfaidh ó sciar den ioncam ceantála chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, le micrifhiontair agus le húsáideoirí iompair, go háirithe ar mhaithe le hinfheistíochtaí chun astaíochtaí agus costais fuinnimh a laghdú agus ar mhaithe le tacaíocht ioncaim dhírigh shealadach.

ii) Ag gabháil le huaillmhian mhéadaithe ETS, tá méadú ar an gCiste don Nuachóiriú arb ionann is 2.5 % d'uasteorainn ETS é chun tacú le haistriú fuinnimh Ballstáit éagsúla ísealioncaim.

iii) Méadófar freisin Ciste ETS don Nuálaíocht chun dlús a chur le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha sna hearnálacha uile faoi ETS.

iv) Tacóidh iomlán ioncaim cheantála na mBallstát le tionscadail atá bainteach leis an aeráid agus le fuinneamh, lena n-áirítear an dícharbónú in earnáil an iompair de bhóthar agus in earnáil na bhfoirgneamh.

7. Tá na tograí á láimhseáil ag ceithre fhoirmíocht éagsúla i dtionól na Comhairle: an Chomhairle Comhshaoil, Comhairle ITF (Fuinneamh), Comhairle ITF (Iompar) agus Comhairle ECOFIN.

8. Maidir le Parlaimint na hEorpa, tá na tograí faoin bpacáiste á láimhseáil ag cúig cinn de Choistí (ENVI, ITRE, TRAN, EMPL agus ECON[1]) agus táthar dulta i bpáirt nó i gcomhairle le sraith Coistí eile faoi rialacha éagsúla nós imeachta. Tá formhór na rapóirtéirí agus na scáth-rapóirtéirí ceaptha le haghaidh na dtograí. Níl an obair fós ach ina tús agus de réir na faisnéise atá ar fáil níor bunaíodh amchláir chríochnaitheacha go foirmiúil le dul i gceann oibre i gcás togra ar bith.

## II. OBAIR A GABHADH DE LÁIMH LE LINN NA HUACHTARÁNACHTA

9. Ba mhórthosaíocht ag an Uachtaránacht iad tograí an phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus tá a seacht ndícheall déanta aici, i dtionól fhoirmíochtaí éagsúla na Comhairle, a oiread dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh faoi chuimsiú an chur chuige fhoriomlán chun comhleanúnachas an phacáiste a áirithiú.

10. Mar aon leis an dianobair a rinneadh ar leibhéal na Meithle, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle Comhshaoil ag an gcruinniú a bhí aici i mí Dheireadh Fómhair maidir leis na tograí a thagann faoina sainchúram, agus pléifear sin arís ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag. Pléifidh an Chomhairle Fuinnimh agus an Chomhairle Iompair na tograí a thagann faoina réimsí inniúlachta ag na cruinnithe a bheidh acu faoi seach i mí na Nollag.

11. Le cois na hoibre a rinneadh faoi fhoirmíochtaí freagracha na Comhairle, bhí malartuithe polaitiúla ag Comhairle AGRIFISH agus ag Comhairle COMPET maidir leis an bpacáiste, malartuithe a bhain le saincheisteanna tráthúla a láimhseáladh faoina sainchúram. Bhí díospóireacht bheartais ag COMPET maidir leis an bpacáiste an 29 Meán Fómhair 2021 ó thaobh an iomaíochais thionsclaíoch de faoi chuimsiú chur chun feidhme na Straitéise Nua Eorpaí maidir le Tionsclaíocht. Bhí malartú tuairimí ag AGRIFISH an 12 Deireadh Fómhair 2021 maidir lena mhéad a chuireann an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht leis na tionscnaimh reachtacha faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55'. Thairis sin, an 26 Samhain 2021, tionólfaidh an Chomhairle Taighde COMPET díospóireacht maidir lena mhéad a chuidíonn an taighde agus an nuálaíocht le cuspóirí trasearnálacha a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna 'Oiriúnach do 55' i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na húsáide talún agus na foraoiseachta.

[1] Is faoi ENVI agus EMPL i gcomhpháirt atá cúram an Chiste Aeráide Shóisialta. Is faoi chúram ECON atá an togra le haghaidh na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh. Bíodh sin mar atá, is maidir leis an togra sin amháin atáthar ag dul i gcomhairle leis an bParlaimint (nós imeachta reachtach speisialta).

12. Mar gheall ar líon agus méid mhór na dtograí, ar a gcastacht agus a n-idirnaisc, chomh maith leis an tábhacht pholaitiúil a bhaineann leo, tá an obair ar fhormhór na gcomhad fós ag céim sách luath. Cé go bhfuil tuiscint shoiléir i measc na dtoscaireachtaí gur cheart go mbainfí amach, leis na tograí a ghlactar le chéile, an leibhéal comhaontaithe uaillmhéine a leagtar amach sa Dlí Aeráide, tá soiléiriú á lorg ag na toscaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis na tograí agus a dtionchar, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta. Tá tuilleadh faisnéise iarrtha freisin ag na toscaireachtaí maidir le ról na dtograí aonair agus a rannchuidiú leis an uaillmhian fhoriomlán laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 in earnálacha uile an gheilleagair; chomh maith leis an idirghníomhaíocht idir na tograí.

13. Mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise réimse leathan na dtograí, ní dhearnadh dul chun cinn ag an ráta céanna ar an bplé ar gach comhad. Is cosúil go bhfuil an dul chun cinn is mó déanta ar roinnt de na tograí iompair agus go bhfuil dul chun cinn maith déanta freisin ar na comhaid fuinnimh, ach maidir leis na comhaid a thagann faoi chuimsiú na gComhairlí Comhshaoil agus Ecofin, is léir go bhfuil níos mó ama ag teastáil ó na toscaireachtaí chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na tograí agus go mbaineann formhór an dul chun cinn le gnéithe éagsúla de na tograí a shoiléiriú. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear gur bearta nua i mbosca uirlisí an Aontais cuid dá bhfuil i roinnt de na tograí, amhail an gCiste Aeráide Sóisialta agus an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha, agus go bhfuil roinnt gnéithe nua i gcuid eile acu freisin, amhail ETS agus LULUCF.

14. I bhfianaise an dul chun cinn maith a rinneadh ar an leibhéal teicniúil maidir leis na tograí iompair, bhí malartú tuairimí ag Coiste na mBuanionadaithe (Cuid I) an 12 Samhain 2021 ina leith agus chuir sé treoir ar fáil don uachtaránacht maidir le tuilleadh oibre ar na tograí. Maidir leis an gceist an bhféadfadh na toscaireachtaí tacú leis an aidhm cur chuige ginearálta a bhaint amach faoi dheireadh na bliana maidir le haon cheann de na comhaid iompair, chuir tromlach mór in iúl gur gá comhleanúnachas an phacáiste a choinneáil agus go bhfuil idirnaisc shoiléire idir na comhaid iompair agus tograí eile. Ní leis na gnéithe teicniúla amháin a bhaineann na hidirnaisc sin, ach, go háirithe, le huaillmhian an phacáiste ina iomláine. Go háirithe, chuir na Ballstáit i bhfios go láidir gur cheart, sula leanfar ar aghaidh leis na comhaid ábhartha, treo taistil na gcomhad dlúthghaolmhar a bheith soiléir, cé go bhfuil roinnt tograí fós ag céim thosaigh na caibidlíochta ag an bpointe seo.

**1) An Chomhairle Comhshaoil**

15. An 6 Deireadh Fómhair 2021, bhí an chéad mhalartú tuairimí ag an gComhairle Comhshaoil maidir leis na cúig chomhad atá faoina sainchúram, ag díriú go sonrach ar ghnéithe ginearálta agus cothrománacha na gcomhad.

16. Ar leibhéal na Meithle, tá an Mheitheal um an gComhshaol ag plé le ceithre chomhad agus tá an togra maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta á phlé ag Meitheal Ad Hoc thiomnaithe. Tionóladh roinnt cruinnithe maidir le gach togra agus tá an chéad réamhléamh ar na tograí, mar aon lena measúnuithe tionchair, tugtha nó á dtabhairt chun críche. Maidir leis an togra lena socraítear caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin agus do veaineanna, rinneadh an chéad léamh airteagal ar airteagal. Ag an gcéim luath seo, tá formhór na dtoscaireachtaí fós ag déanamh staidéir ar na tograí agus dá bhrí sin, is réamhthuairimí iad a dtuairimí nó a seasaimh (den chuid is mó). Go háirithe, beidh obair shuntasach theicniúil bhreise ag teastáil ar na ceithre chomhad maidir le hathchóiriú ETS, Comhroinnt Díchill, LULUCF agus an Ciste Aeráide Sóisialta, mar gheall ar a gcastacht agus gnéithe nua a bheith á dtabhairt isteach, agus, i gcás ETS, mar gheall ar a mhéid.

i) Athchóiriú ar an gCóras Trádála Astaíochtaí (ETS)[2]

Tá na toscaireachtaí den tuairim i gcónaí go bhfuil ETS i gcroílár bheartas aeráide an Aontais. Is cosúil go n-aithnítear go ginearálta go mbeidh ar ETS a chion costéifeachtach d'uaillmhian mhéadaithe an Aontais a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, táthar ann atá ag iarraidh roghanna a fhiosrú maidir le huaillmhian ETS a mhéadú a thuilleadh ach bhí ceisteanna ann freisin maidir le tionchar codanna éagsúla de na tograí ar earnálacha eacnamaíocha agus ar theaghlaigh araon, lena gcuirtear chun suntais gur gá cásanna éagsúla na mBallstát a chur san áireamh.

Go háirithe, is ábhar suntasach imní í an trádáil astaíochtaí in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar mar gheall ar na tionchair shóisialta a bheadh aici ar theaghlaigh ar ioncam níos ísle agus an baol go ndéanfaí an bhochtaineacht fuinnimh a mhéadú léi. Ceistíodh ar leor an Ciste Aeráide Sóisialta chun na tionchair a mhaolú. Cuireadh in iúl freisin, áfach, go gcuirfidh trádáil astaíochtaí sna hearnálacha seo le bealach costéifeachtach chun iad a dhícharbónú, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do na Ballstáit a spriocanna náisiúnta méadaithe faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach.

2 Faoi athchóiriú ETS, táthar ag plé le trí thogra:
- Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 (10875/21 + ADD 1-7);
- Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE maidir le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais chun astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí (10917/21 + ADD 1-3);
- Togra le haghaidh Cinneadh lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 (10902/21 + ADD 1).

Ina theannta sin, tíolacadh an ceathrú togra maidir le ETS an 14 Iúil 2021: Togra le haghaidh Cinneadh lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas. Pléitear leis an togra sin faoin bhfoirmíocht Iompair Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar).

Maidir leis na gnéithe atá beartaithe arb é is aidhm dóibh ETS reatha agus an uaillmhian a bhaineann leis a neartú, díríodh ar dtús ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ar an gcoigeartú den chaidhp agus ar na forálacha maidir le sceitheadh carbóin/leithdháiltí saor in aisce, i measc nithe eile. Go háirithe, ardaíodh ceisteanna maidir leis an bhforáil atá beartaithe do choinníollacht le haghaidh leithdháileadh saor in aisce agus maidir leis an luas agus na rialacha a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le leithdháileadh saor in aisce in ETS maidir le hearnálacha a chumhdaítear leis an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha atá á bheartú. Díríodh sna barúlacha tosaigh maidir le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh ar thionchar an chúlchiste ar phraghsáil carbóin. Sa chomhthéacs sin, is mian le toscaireachtaí áirithe féachaint arís ar Airteagal 29a maidir le 'Bearta i gcás luaineacht iomarcach ar phraghsanna' (nach raibh sa togra ón gCoimisiún).

Maidir leis na hearnálacha muirí agus eitlíochta, cuireadh béim ar mheasúnú iomlán a dhéanamh ar na tograí, go háirithe ó thaobh a rannchuidiú le laghdú na n-astaíochtaí, a dtionchar ar na hearnálacha agus ar an iomaíochas, agus béim á leagan ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta agus ar an ngá atá le himthosca náisiúnta a chur san áireamh. Ina theannta sin, maidir le hidirnaisc le comhaid eile, d'iarr na toscaireachtaí go ndéanfaí measúnú ar thionchair charnacha na dtograí maidir le ETS, ReFuelEU Eitlíocht, FuelEU Muirí agus maidir le cánachas fuinnimh.

Maidir le forálacha airgeadais, díríodh sa phlé ar mhéid, foinsiú, raon feidhme agus dáileadh an Chiste don Nuachóiriú agus an Chiste don Nuálaíocht. Beidh gá le tuilleadh machnaimh a dhéanamh freisin ar an moladh go gcuirfí deireadh le tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú do bhreoslaí iontaise leachtacha agus an moladh go mbeadh sé éigeantach gach ioncam ceantála a chur in áirithe.

ii) <u>An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[3] (ESR)</u>

Go dtí seo, baineann na príomh-cheisteanna leis na spriocanna atá beartaithe, na solúbthachtaí agus an cúlchiste breise nua, lena n-áirítear i ndáil leis na tograí eile sa chomhad 'Oiriúnach do 55'. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go measann siad go bhfuil a gcuid spriocanna nua faoi seach an-dúshlánach. Tá iarrtha ag roinnt toscaireachtaí ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise agus sonraí a chur ar fáil maidir le ríomh na spriocanna náisiúnta agus tá soiléiriú uathu maidir leis an gcaoi ar cuireadh prionsabail na cothroime, na cost-éifeachtachta agus an chóineasaithe mhéadaithe san áireamh.

[3] Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena ranncuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh (10867/21 + ADD 1-4)

Ó thaobh solúbthachta de, aontaíonn na toscaireachtaí i gcoitinne go mbeidh ról tábhachtach acu chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, agus sláine comhshaoil á hurramú acu. Is díol spéise ar leith ag na toscaireachtaí soiléiriú breise a fháil faoi na hathraithe atá beartaithe ar an tsolúbthacht atá ann faoi láthair agus faoinar féidir le Ballstáit glan-aistrithe ó earnáil LULUCF a úsáid chun a spriocanna faoi ESR a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tá tuilleadh faisnéise iarrtha ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an gcúlchiste breise nua, a bheadh comhdhéanta de ghlan-aistrithe breise a d'fhéadfaí a ghiniúint ó 2026 go 2030. Sa bhreis ar na ceisteanna maidir le feidhmiú comhreathach na solúbthachtaí dá bhforáiltear i dtograí ESR agus LULUCF, d'fhiosraigh roinnt toscaireachtaí an bhféadfaí an tsolúbthacht idir ETS agus ESR a mhéadú. D'iarr na toscaireachtaí freisin go gcuirfí tuilleadh faisnéise ar fáil maidir leis an idirghníomhaíocht idir ESR agus an córas nua trádála astaíochtaí atá beartaithe le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar.

iii) Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF)[4]

Sa phlé ar an leibhéal teicniúil maidir leis an togra ón gCoimisiún, díríodh den chuid is mó ar shoiléiriú a dhéanamh ar na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán atá ann cheana, go háirithe i gcomhthéacs na n-athruithe suntasacha ar an gcóras foriomlán ó 2026 ar aghaidh. Ón bplé a rinneadh go dtí seo, áfach, is féidir roinnt príomh-cheisteanna a shainaithint, eadhon leithdháileadh na spriocanna náisiúnta do 2030 (atá ceaptha teacht in ionad an 'ghealltanais faoi thoradh neodrach nó dearfach' ó 2026), an próiseas atá beartaithe spriocanna náisiúnta a dhearadh faoin gcreat iar-2030, agus na solúbthachtaí atá ceaptha chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna a chomhlíonadh.

[4] Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsáide talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (10857/21 + ADD 1-4).

Admhaíonn na toscaireachtaí go ginearálta ról tábhachtach earnáil LULUCF i mbeartas aeráide an Aontais agus an méadú ina uaillmhian fhoriomlán. Cuireadh roinnt ceisteanna faoi leithdháiltí náisiúnta atá beartaithe do 2030, lena n-áirítear a leibhéal uaillmhéine agus na critéir a úsáidtear agus iad á ríomh, an sásra nua comhlíonta atá beartaithe, chomh maith leis an bpróiseas atá beartaithe chun spriocanna náisiúnta bliantúla a shocrú don tréimhse 2026-2029. Ag an gcéim seo, tá roinnt ceisteanna ann maidir leis an togra chun earnáil aonair talún a chruthú ó 2031 ar aghaidh ina mbeadh glan-aistrithe in earnáil LULUCF agus astaíochtaí talmhaíochta neamh-$CO_2$ agus maidir leis an aidhm chun neodracht aeráide don earnáil chomhcheangailte a bhaint amach faoi 2035. Go ginearálta, aithníonn na toscaireachtaí go mbeidh an tsolúbthacht, go háirithe i gcás imeachtaí suaite nádúrtha, an-tábhachtach chun gur fusa do na Ballstáit an uaillmhian mhéadaithe i ndiaidh 2025 a chomhlíonadh. Díríodh sa phlé ar a ngnéithe teicniúla a shoiléiriú agus ar na hathruithe ar na solúbthachtaí reatha tar éis 2025, agus ar thuiscint níos fearr a fháil ar na hidirnaisc idir na solúbthachtaí sna tograí le haghaidh Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus LULUCF.

iv) Rialachán maidir le caighdeáin $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna[5]

Glactar leis go ginearálta nach mór d'earnáil na ngluaisteán rannchuidiú le huaillmhian mhéadaithe an Aontais agus i gcás roinnt toscaireachtaí meastar an togra a bheith ríthábhachtach maidir leis an uaillmhian fhoriomlán agus chun a spriocanna náisiúnta méadaithe a bhaint amach sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Bhí an plé dírithe ar leibhéil uaillmhéine na sprice do ghluaisteáin agus do veaineanna araon, lena n-áirítear an sprioc 100 % do 2035, lena gceanglaítear go mbeidh na gluaisteáin nua uile agus na veain nua uile ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha faoin dáta sin. Go háirithe, an phríomhcheist a ardaíodh is é sin luas an aistrithe chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha, i.e. an bhfuil an chothromaíocht cheart sa togra ón gCoimisiún i ndáil leis sin nó an bhféadfadh agus ar cheart an t-aistriú a dhéanamh níos tapa (2030) nó an bhfuil sé róluath agus an bhfuil níos mó ama ag teastáil. Cuireadh ceisteanna maidir leis an bhféidearthacht rannchuidiú na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na monaróirí feithiclí na spriocanna. Cuireadh chun suntais an gá le machnamh breise a dhéanamh ar an difríocht idir na Ballstáit maidir le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, mar thoradh den chuid is mó ar an inacmhainneacht agus cur i bhfeidhm mall an bhonneagair, agus an t-am atá de dhíth le haghaidh aistriú na monaraíochta. Ina theannta sin, beidh gá le tuilleadh plé ar shaincheisteanna amhail an difreáil idir gluaisteáin agus veaineanna, a iomchuí atá sé deireadh a chur leis an maolú agus na dreasachtaí d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus d'fheithiclí astaíochtaí ísle faoi 2030, chomh maith leis an tionchar ar mhargadh na ngluaisteán athláimhe i mBallstáit áirithe.

Chuir na toscaireachtaí i dtreis an gá comhleanúnachas a choinneáil le tograí eile sa Phacáiste 'Oiriúnach do 55', agus chuir siad i bhfios go láidir nach mór na spriocanna a bheith fite fuaite leis an uaillmhian atá sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR).

5 Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 i dtaca leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteáin paisinéirí nua agus feithiclí tráchtála saothair éadroim nua a neartú i gcomhréir le huaillmhian mhéadaithe an Aontais maidir leis an aeráid (10906/21 + ADD 1-5).

v) Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta[6] (SCF)

Cé go n-aithnítear go ginearálta gur gá a áirithiú go mbeidh aistriú glas ann nach bhfágfar aon duine ar lár ann, bhí tuairimí measctha faoin togra. Cuireadh roinnt ábhar imní in iúl agus iarradh soiléiriú orthu maidir leis na gnéithe seo a leanas den togra, go háirithe: a) nach bhfuil Measúnuithe Tionchair saorsheasaimh agus sonraí gaolmhara ar fáil, b) bunús dlí, c) an t-idirghníomhú le tograí amach anseo maidir le hAcmhainní Dílse an Aontais agus an t-athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, d) saincheisteanna airgeadais agus buiséadacha (go háirithe maidir le méid SCF, foinse an chistithe, modheolaíocht leithdháilte agus na critéir a roghnaíodh), e) cur chun feidhme agus bainistiú, f) forluí le cistí eile.

I gcás fhormhór na dtoscaireachtaí, tá dlúthnasc idir an togra agus earnálacha BRT a chur san áireamh in ETS, agus tacaíonn roinnt acu le SCF a bhunú gan beann ar ETS nua a bhunú ar leithligh do na hearnálacha sin.

I gcomhréir le sainordú na Meithle *ad hoc* um an gCiste Aeráide Sóisialta[7], chuir an Uachtaránacht lúibíní ar na forálacha ábhartha sa togra agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis, maidir leis na gnéithe airgeadais, atá nasctha leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus Acmhainní Dílse an Aontais. Is é an aidhm atá ann tús a chur leis an scrúdú, airteagal ar airteagal, ar an togra faoi Uachtaránacht na Fraince.

**2) Comhairle ITF (fuinneamh)**

17. Maidir leis an dá chomhad atá faoi shainchúram ITF (Fuinnimh) (an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh), rinne an Mheitheal um Fhuinneamh dianscrúdú ar na tograí agus ar na measúnuithe tionchair gaolmhara) ó mhí Iúil go mí na Samhna, i sraith cruinnithe, agus anailís á déanamh ar dtús ar na príomhphrionsabail agus ar na príomhfhorálacha, agus ansin ar gach airteagal agus iarscríbhinn. Tá roinnt idirghníomhaíochtaí tábhachtacha ag an dá thogra le tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' (go háirithe AFIR, tionscnamh eitlíochta RefuelEU agus tionscnamh muirí FuelEU ) agus le reachtaíocht atá beartaithe (athbhreithniú ar an tríú pacáiste fuinnimh le haghaidh gáis agus athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh).

---

6 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta 10920/21 + ADD 1).

7 11402/21.

Chomh maith le tuarascáil ar dhul chun cinn a dhréachtú, tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht céad téacs athbhreithnithe a ullmhú don dá chomhad, a d'fheadfadh a bheith mar thúsphointe d'obair a dhéanfar amach anseo faoi Uachtaránacht na Fraince.

i) An Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED)[8]

Maidir le RED, de réir dealraimh, tacaíonn na toscaireachtaí le haidhm an togra chomh maith le leibhéal foriomlán na huaillmhéine atá beartaithe. Mar sin féin, cuireann toscaireachtaí i dtreis a thábhachtaí atá sé an tsolúbthacht a bheith ag na Ballstáit na bearta is costéifeachtúla a chur i bhfeidhm, an comhleanúnachas leis an reachtaíocht atá ann cheana, agus urraim do phrionsabail na coimhdeachta agus na neodrachta ó thaobh na teicneolaíochta.

I bhfianaise an phlé sin, is dócha go mbeidh gá le solúbthacht bhreise, go háirithe maidir leis na fospriocanna atá beartaithe d'fhoinsí inathnuaite i dtéamh agus fuarú, i dtéamh agus fuarú ceantair, san iompar agus sa tionsclaíocht chomh maith leis na critéir inbhuanaitheachta do bhithmhaisí.

ii) an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (EED)[9]

Maidir le EED, aithníonn na toscaireachtaí an gá atá le bearta breise éifeachtúlachta fuinnimh agus a thábhachtaí atá 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh'. Mar sin féin, iarrann siad go ginearálta go mbeadh solúbthacht ann agus go ndéanfaí breithniú ar shainiúlachtaí náisiúnta agus ar chostéifeachtúlacht agus a rannchuidithe táscacha náisiúnta á sainiú acu agus a mbeartais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh á gcur chun feidhme.

Tacaíonn na Ballstáit leis an aidhm fhoriomlán éifeachtúlacht foirgneamh san earnáil phoiblí a mhéadú agus tacú le tomhaltóirí leochaileacha. Sa chomhthéacs sin, chuir na Ballstáit i dtreis an t-ualach breise riaracháin a fhorchuirtear agus cháin siad na sonraí iomarcacha a bhaineann le rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le bochtaineacht fuinnimh. D'iarr na toscaireachtaí go ndéanfaí obair bhreise ar chóras éifeachtúil téimh agus fuaraithe ceantair a shainiú chun a gcúinsí náisiúnta a chur san áireamh níos fearr agus chun na dreasachtaí cearta a chur ar fáil chun fuinneamh inathnuaite a úsáid i dtéamh agus i bhfuarú.

---

8 Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (10746/21 + ADD 1-6).

9 Togra le haghaidh Treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) (10745/21 + ADD 1-8).

Tá comhghaolú idir leibhéal na huaillmhéine maidir le EED agus roinnt forálacha eile den Phacáiste 'Oiriúnach do 55', lena n-áirítear an fhéidearthacht ETS an Aontais a leathnú chuig foirgnimh.

**3) Comhairle ITF (Iompar)**

18. Maidir leis na trí chomhad atá faoi shainchúram na Comhairle ITF (Iompar) (Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, tionscnamh eitlíochta RefuelEU agus tionscnamh muirí FuelEU) eagraíodh líon mór cruinnithe de na Meithleacha um Cheisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin, um Eitlíocht agus um Loingseoireacht faoi seach, agus mar sin beifear in ann anailís chríochnúil a dhéanamh ar na trí thogra agus ar na measúnuithe tionchair a ghabhann leo. I dteannta na dianoibre a rinneadh ar an leibhéal teicniúil, bhí malartú tuairimí ag Coiste na mBuanionadaithe (Cuid I) an 12 Samhain 2021 maidir leis na trí chomhad iompair, ar chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir lena linn nach mór comhleanúnachas an phacáiste a choimeád, ós rud é go bhfuil naisc shoiléire idir na comhaid iompair agus tograí eile.

i) Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha[10]

Sa phlé a rinneadh ar leibhéal na meithle léiríodh gur thángthas ar chomhaontú foriomlán go mbeidh gá le tuilleadh bonneagair chun tacú le haistriú níos tapa chuig úsáid breoslaí malartacha san iompar. Taifeadadh comhaontú ginearálta maidir le cuspóirí foriomlána an togra agus maidir leis an bpríomh-chur chuige i leith na mbeart chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna ceangailteacha a leagan síos do chur i bhfeidhm céimneach an bhonneagair. I bprionsabal, tacaíonn formhór na Ballstáit le spriocanna éigeantacha cur in úsáid bonneagair flítbhunaithe agus acharbhunaithe a shocrú le haghaidh feithiclí saothair éadroim, agus le spriocanna acharbhunaithe agus suíomhbhunaithe a shocrú le haghaidh feithiclí tromshaothair.

---

10 Togra le haghaidh Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (10877/21 + ADD 1-7).

Sna téacsanna comhréitigh atá beartaithe, rinne an Uachtaránacht iarracht aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna a d'ardaigh na toscaireachtaí. I dteannta roinnt mhaith moltaí a rinneadh maidir le gnéithe teicniúla, moladh coigeartuithe a dhéanamh i ndáil le roinnt de na spriocanna maidir le bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe, lena n-áirítear solúbthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar imthosca ar leith an ghréasáin TEN-T a bhfuil dlús an-íseal tráchta mar shaintréith acu. Mar sin féin, tá codanna an téacs a bhaineann leis an uaillmhian fhoriomlán maidir le bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe ar ghréasán TEN-T fós idir lúibíní cearnacha. Is é sin le rá nach raibh aon chóineasú láidir tuairimí ann ag an gcéim seo.

ii) An Rialachán maidir leis an tionscnamh eitlíochta ReFuel[11]

I dtaca leis an Togra maidir leis an tionscnamh eitlíochta ReFuel, léiríodh sa phlé tacaíocht fhoriomlán don togra. Le trí thogra comhréitigh, rinneadh dul chun cinn maidir le saincheisteanna teicniúla, amhail an deis ag aerfoirt bheaga, nach bhfuil san áireamh i raon feidhme an togra, a bheith páirteach agus soiléirithe ar na bearta fritancála.

Rinneadh an téacs maidir le forálacha i ndáil le hoibleagáidí tuairiscithe agus ról na n-údarás inniúil a choigeartú freisin. Anuas air sin, pléadh an leibhéal uaillmhéine atá beartaithe agus a infhaighte atá breoslaí eitlíochta inbhuanaithe san Eoraip.

Leis an tríú togra comhréitigh, thug an Uachtaránacht aghaidh ar shaincheist an leibhéil uaillmhéine, go háirithe an sainmhíniú ar bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, na huaillmhianta uile-Aontais maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chur ar fáil agus fad na hidirthréimhse lena dtugtar solúbthacht do sholáthraithe breosla. Is mór an difear idir na seasaimh i measc na mBallstát ós rud é gur mhaith le roinnt acu uaillmhian níos airde a bheith ann agus go bhféadfaí solúbthacht náisiúnta a thabhairt dóibh, cé gur mian le roinnt Ballstát eile raon feidhme na mbreoslaí incháilithe a leathnú nó leibhéal na n-oibleagáidí ar fud an Aontais a ísliú.

11 Togra le haghaidh Rialachán maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (10884/21 + ADD 1-3).

iii) An Rialachán maidir leis an tionscnamh muirí FuelEU[12]

Léiríodh sa phlé a thábhachtaí atá an togra do na Ballstáit. Meastar, áfach, go bhfuil an togra thar a bheith casta freisin, ón taobh teicniúil agus polaitiúil de, agus beidh níos mó ama ag teastáil chun go ndéanfadh na Ballstáit scrúdú cuí air.

Is leis na gnéithe seo a leanas a bhaineann na príomh-shaincheisteanna polaitiúla a cuireadh i dtreis le linn an phlé: 1) an raon feidhme, mar a shonraítear sa raon feidhme 'substainteach' (i.e. cur i bhfeidhm ar gach long os cionn olltonnáiste 5000) agus sa raon feidhme 'geografach' (i.e. an Rialachán atá beartaithe a chur i bhfeidhm ar longa i leith 50 % den fhuinneamh a úsáidtear ar mhuiraistir a imíonn ó chalafort nó a théann chuig calafort atá faoi dhlínse Ballstáit, a bhfuil an calafort deireanach/an chéad chalafort eile faoi dhlínse tríú tír); 2) leibhéal uaillmhéine na spriocanna maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; 3) raon feidhme cheanglais an tsoláthair cumhachta ar tír mór; nó teicneolaíochtaí malartacha atá saor ó astaíochtaí do longa i gcalafoirt, 4) deimhniú breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin; agus 5) rialachas an togra (lena n-áirítear gnéithe forfheidhmiúcháin agus pionóis). Pléadh na hidirnaisc le tograí eile freisin, laistigh agus lasmuigh den phacáiste, go háirithe leo seo a leanas: an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, an Córas Trádála Astaíochtaí agus an Togra maidir le Tomhas, Tuairisciú agus Fíorú.

Tá téacs comhréitigh á ullmhú faoi láthair ag an Uachtaránacht a bheidh teoranta do ghnéithe eagarthóireachta.

**4) An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN)**

19. Tá an dá thogra atá faoi shainchúram na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN), i.e. an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) agus an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, á bplé faoi seach ag Meitheal *Ad Hoc* tiomnaithe (CBAM) agus ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach - Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh). Leagfar amach na sonraí maidir le staid na himeartha mar atá i ndáil leis na sainchomhaid sin sa tuarascáil ón Uachtaránacht, a chuirfear faoi bhráid Chomhairle ECOFIN an 7 Nollaig 2021.

12 Togra le haghaidh Rialachán maidir le breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (10327/21 + ADD 1-3).

i) Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha [13]

Is é príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (CBAM) aghaidh a thabhairt ar riosca sceitheadh carbóin, arb iad beartais aeráide neamhshiméadracha tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach is cúis leis (i gcás nach mbeidh na beartais a chuirtear i bhfeidhm chun an t-athrú aeráide a chomhrac chomh huaillmhianach céanna leis na beartais atá ag an Aontas Eorpach).

An 22 Iúil 2021, bhunaigh Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) Meitheal *Ad Hoc* maidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (AHWP CBAM), chun tabhairt faoin obair ullmhúcháin a bhaineann leis an gcaibidlíocht maidir leis an togra reachtach seo agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar na hábhair thrasearnálacha a chumhdaítear leis an sainchomhad seo. Oibríonn AHWP CBAM ar dhearadh CBAM i gcomhréir lena shainordú[14] agus baineann sí leas as saineolas thoscairí na mBallstát atá ag obair sna réimsí ábhartha, de réir mar is iomchuí.

Le linn an téarma Uachtaránachta seo, díríodh cruinnithe AHWP CBAM go príomha ar chur i láthair mionsonraithe an togra ón gCoimisiún agus ar an measúnú tionchair a ghabhann leis agus, ina dhiaidh sin, rinneadh scrúdú airteagal ar airteagal ar an togra. Rinneadh an chéad léamh ar an togra, agus bhí malartú tuairimí níos mionsonraithe ann maidir le roinnt gnéithe teicniúla.

Cé nach gcuirtear in aghaidh chuspóirí aeráide an togra, dearbhaíodh leis an bplé a rinneadh sa Mheitheal *Ad Hoc* go leagann na Ballstáit béim shuntasach ar an tábhacht a bhaineann leis sin i gcomhthéacs na trádála idirnáisiúnta, iomaíochas thionscal an Aontais agus na n-éifeachtaí ar an ngeilleagar, lena n-áirítear ar an margadh saothair. Caithfear a chur san áireamh roinnt prionsabal treorach a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach cheana maidir leis an mbealach chun an pacáiste 'Oiriúnach do 55' a chur chun feidhme.

---

13 Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (10871/21 + ADD 1-6).

14 10846/21.

Leanfar den obair ar bhonn an togra ón gCoimisiún, agus mar gheall ar úrnuacht an bhirt atá beartaithe, beidh gá le tuilleadh plé teicniúil in AHWP CBAM, toisc gur gá do na toscaireachtaí a fháil amach an chaoi a bhfeidhmeoidh CBAM sa chleachtas, lena n-áirítear na gnéithe a bhaineann le dearadh agus riarachán foriomlán an tsásra nua.

ii) An Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[15]

Ag an Meitheal Neamhfhoirmiúil um Cheisteanna Cánach – Ardleibhéal (HLWP) i mí Iúil, a bhí tiomanta don ábhar 'Dúshláin amach anseo i réimse an chánachais', chuir na toscaireachtaí a dtuairimí tosaigh in iúl cheana féin maidir le ról an chánachais san aistriú glas le linn an tseisiúin oibre 'Gnéithe cánach an Chomhaontaithe Ghlais'.

Tá an plé teicniúil ar an togra i ndáil leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh fós ar siúl sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – Dleachtanna máil/Cánachas fuinnimh). Faoi dheireadh théarma na hUachtaránachta, tionólfar cúig chruinniú den mheitheal maidir leis an togra seo. Díríodh na cruinnithe sin go príomha ar chur i láthair mionsonraithe an togra ón gCoimisiún agus ar an measúnú tionchair agus, ina dhiaidh sin, anailís airteagal ar airteagal ar an togra. Ardaíodh roinnt ceisteanna faoi ghnéithe éagsúla den togra, amhail aistriú ó chánachas bunaithe ar mhéid an fhuinnimh go luach an fhuinnimh, tabhairt isteach rangú rátaí de réir feidhmíocht chomhshaoil, cáin a ghearradh ar tháirgí nua, innéacsú, na hearnálacha eitlíochta agus muirí, chomh maith le naisc le comhaid eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Tá coinne ann go ndéanfar an chéad léamh airteagal ar airteagal den togra faoi dheireadh théarma na hUachtaránachta.

Leanfar den obair ar bhonn an togra ón gCoimisiún agus beidh gá le tuilleadh plé teicniúil ar leibhéal na Meithle.

15 Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú) (10872/21 + ADD 1-7).

## III. CONCLÚID

Beidh an forléargas seo ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tograí sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' ag gabháil leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn a eiseofar ar leithligh maidir leis na tograí aonair chuig foirmíochtaí freagracha na Comhairle, nó déanfar tagairt dó sna tuarascálacha sin.

Ós rud é go bhfuil dlúthnaisc idir na tograí sa phacáiste, measann an Uachtaránacht go bhfuil an forléargas sin ar dhul chun cinn an phacáiste ina iomláine ríthábhachtach chun cur chuige comhtháite a áirithiú maidir leis an gcaibidlíocht chasta sin. Cé go bhfuil dul chun cinn ar luas éagsúil á dhéanamh i leith na caibidlíochta maidir leis na tograí, léirítear sa tuarascáil forléargais go bhfuil dul chun cinn maith déanta ar an leibhéal teicniúil i gcoitinne.